# Ainmniúchán BAFTA do Scríbhneoir ó Ghort an Choirce

Eochairfhocail: saothar, ainmnithe, clár fáisnéise, stiúrthóir, furasta, galánta, aitheantas

Príomhscileanna: éisteacht, scríobh, léitheoireacht, labhairt


**Breathnaigh ar an mír nuachta seo agus freagair na ceisteanna a bhaineann leis:**

1Cad as do Myrid Carten?
2.Cén chatagóir ina bhfuil Myrid ainmnithe do BAFTA?
3.Cén saghas daoine a bhíonn le feiceáil i gcláir Myrid?
4.Cén fáth a mbeadh sé éasca clár den saghas seo a bheith caillte ag daoine?
5.Cén teideal atá ar chlár faisnéise Myrid?
6.Céard é an scéal sa chlár?
7.Conas a mhothaigh Máirín de Buitléir nuair a chonaic sí an clár fáisnéise?
8.Céard a rinne Myrid ó aois óg?
9.Cén fáth a bhfuil Sonia sásta?
10. Ar mhaith leat dul chun an clár fáisnéise seo a fheiceáil? Mínigh do fhreagra.



Foghlaim TG4

An Chomhairle um Oideachas Gaeltachta & Gaelscolaíochta



## Gníomhaíocht Labhartha

**Anois le do pháirtí ranga, labhair faoin gclár faisnéise is fearr a chonaic tú. Seo cúpla leid le cuidiú leat agus tú i mbun comhrá:**

- Cár chuala tú faoin gclár faisnéise seo ar dtús?
- Cérbh é teideal an chláir faisnéise úd?
- Cén fáth ar cheap tú a mbeadh suim agat ann sular fhéach tú air?
- Cén fhad a mhair sé?
- Cérbh iad na carachtair sa chlár faisnéise seo?
- Cérbh é ábhar an chláir faisnéise?
- Conas a mhothaigh tú nuair a tháinig an clár faisnéise chun críche?
- An molfá an clár faisnéise áirithe seo do dhaoine eile? Cén fáth?



**Ainmniúchán Jessie Buckley do ghradam Oscar**

Is aisteoir agus amhránaí í Jessie Buckley a rugadh sa bhliain 1989. Rugadh agus tógadh i gCill Airne i gContae Chiarraí í. Cuireadh tús le saol aisteoireachta Jessie nuair a ghlac sí páirt i seó tallainne de chuid an BBC, I'd do Anything, chun páirt a bhuachan sa cheoldráma Oliver! Ba é Andrew Lloyd Webber a bhí ina phríomh-mholtóir ag an gclár agus cheap sé go raibh Jessie ar fheabhas ar fad. Níor bhuaigh sí an comórtas áfach. Tháinig sí sa dara háit agus bhí an-díomá go deo uirthi.

D'fhreastail Jessie ar an scoil cháiliúil dhrámaíochta RADA i Londain tar éis an chomórtais sin agus cuireadh oiliúint uirthi le bheith ina haisteoir gairmiúil. Chuaigh sí ó neart go neart ansin tar éis di RADA a fhágáil sa bhliain 2013. Bhí ról aici sa tsraith BBC War and Peace sa bhliain 2016 agus ansin, bhí a céad ról aici i scannán in Beast sa bhliain 2017. Ainmníodh Jessie do BAFTA sa bhliain 2018 dá ról sa scannán Wild Rose. Sa scannán sin léirigh sí an carachtar Rose-Lynn Harlan, cailín óg atá ag iarraidh a bheith ina hamhránaí cáiliúil. Chuaigh amhránaíocht Jessie sa scannán i bhfeidhm go mór ar an lucht féachana agus d'éirigh go maith leis an scannán.


Ó shin o leith tá Jessie tar éis a bheith i roinnt scannán iontach agus ainmníodh í do neart gradam le blianta beaga anuas. Tá an-tóir uirthi ó ghlac sí an ról Anne Hathaway sa scannán Hamnet le Paul Mescal agus bhuaigh sí Golden Globe le déanaí as an léiriú a rinne sí. Aimníodh í do ghradam Oscar agus táthar a rá go bhfuil an-seans go deo aici an duais aitheanta a bhreith léi.

Phós Jessie cúpla bliain ó shin agus is duine an-phríobháideach í. Tá cónaí uirthi i Sasana lena fear céile agus a leanbh óg nach bhfuil ach cúpla mí d'aois. Níl amhras ar bith ann ach gur sár-aisteoir agus sár-amhránaí í Jessie Buckley agus nach bhfuil teora ar bith uirthi.


## Gníomhaíocht Smaointeoireachta: Léamhthuiscint

**Ceisteanna**

1. Cén bhliain ar rugadh Jessie Buckley?
2. Cad as di?
3. Cen comórtas ar ghlac sí páirt ann?
4. Cén áit ar cuireadh oiliúint ar Jessie?
5. Cén scannán a bhain cliú agus cáil amach do Jessie?
6. Cén ról a bhí ag Jessie in Hamnet?
7. Tabhair dhá phointe eolais faoina saol pearsanta. tá sí pósta, tá cónaí uirthi i Sasana, tá leanbh óg aici agus tá sí príobháideach
8. Aimsigh sampla amháin den bhriathar saor san Aimsir Láithreach.
9. Aimsigh sampla amháin den bhriathar saor san Aimsir Chaite.
10. Aimsigh sampla amháin den Tuiseal Ginideach san Uimhir Iolra.



## Freagraí



1. Gort an Choirce
2. Clár faisnéise sár-mhaith
3. Gnáthdhaoine
4. Mar tá a lán rudaí ag titim amach sa saol faoi láthair
5. A Want in Her
6. Insíonn Myrid a scéal pearsanta féin agus í ag filleadh ar Ghort an Choirce ó Londain ar thóir a máthar a bhí ar iarraidh.
7. Bhí sí trína chéile toisc go bhfuil aithne mhaith aici ar na daoine ann
8. A saol féin a thaifead
9. Mar go mbeidh Gaeltacht Thír Chonaill le feiceáil ar an scáileán ag na BAFTAs

1. 1989
2. Cill Airne, Co Chiarraí
3. I'd do Anything
4. RADA
5. Wild Rose
6. Anne Hathaway
7. Tá sí pósta, tá cónaí uirthi i Sasana, tá leanbh óg aici agus tá sí príobháideach
8. Táthar
9. Rugadh, tógadh, cuireadh, ainmníodh
10. Roinnt scannán, neart gradam